

**Tuarascáil deiridh an  
Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach  
don tréimhse  
1 Eanáir 2022 - 6 Iúil 2022**

## Clár Ábhair

<b>Caibidil 1</b> .....	<b>4</b>
<b>SAINORDÚ REACTÚIL</b> .....	<b>5</b>
<b>ACMHAINNÍ, STRUCHTÚR EAGRAÍOCHTÚIL AGUS SOCRUITHE RIALACHAIS</b> .....	<b>6</b>
<b>PRÍOMHSHRUTHANNA OIBRE</b> .....	<b>7</b>
<b>Caibidil 2</b> .....	<b>10</b>
<b>RÉAMHRÁ</b> .....	<b>11</b>
<b>FOILSEACHÁIN AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ FOR-ROCHTANA</b> .....	<b>11</b>
<b>CAIDREAMH LE PÁIRTITHE LEASMHARA SEACHTRACHA A BHAINISTIÚ AGUS A FHORBAIRT</b> .....	<b>11</b>
<b>Caibidil 3</b> .....	<b>14</b>
<b>CUID A: IONCHUIR</b> .....	<b>15</b>
<b>CUID B: TRÉCHUIR</b> .....	<b>23</b>
<b>CUID C: ASCHUIR</b> .....	<b>26</b>
<b>BEARTA FORFHEIDHMITHE A BHAINNEANN LE DÓCMHAINNEACHT AGUS ASCHUIR ATHAGANN AS TUAIRISCÍ LEACHTAITHEOIRÍ FAOI ALT 682 AGUS AS SCRÚDÚ AR CHUIDEACHTAÍ DÓCMHAINNEACHA DÍSCAOILTE</b> .....	<b>26</b>
<b>Caibidil 4</b> .....	<b>31</b>
<b>COMHLÍONADH OIBLEAGÁIDÍ DE BHUN AN DLÍ, RIALACHÁIN AGUS DE BHUA STÁDAS NA HOIFIGE MAR EINTITEAS EARNÁLA POIBLÍ ARNA BHUNÚ LE REACT</b>	

**BONN REACTÚIL**

Cuirtear an tuarascáil deiridh seo ón Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach faoi bhráid an Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta de réir fhorálacha alt 944Y d'Acht na gCuideachtaí 2014.

## **Caibidil 1**

# **FORLÉARGAS AR OIFIG AN STIÚRTHÓRA UM FHORFHEIDHMIÚ CORPARÁIDEACH**

## **SAINORDÚ REACTÚIL**

### **Acht na gCuideachtaí 2014**

Baineann na tagairtí go léir do reacht sa Tuarascáil seo le hAcht na gCuideachtaí 2014 (“an tAcht”) mura sonraítear a mhalairt. Leasaíodh an tAcht le reachtaíocht ina dhiaidh sin agus tá leagan neamhoifigiúil comhdhlúite den Acht ar fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin um Athchóiriú an Dí<sup>1</sup>.

### **OIFIG AN STIÚRTHÓRA UM FHORFHEIDHMIÚ CORPARÁIDEACH**

Déantar foráil do phost an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach (“Stiúrthóir”) i gCuid 15, Caibidil 3 den Acht. Faigheann an Stiúrthóir, arna cheapadh ag an Aire Fiontar, Trádála & Fostaíochta (“an tAire”), cuidiú maidir lena sainordú reachtúil a chur chun cinn uathu seo a leanas:

- baill foirne arna sannadh ag an Aire; agus
- comhaltaí den Gharda Síochána ar iasacht de bhun Chinneadh an Rialtais.

Le chéile, comhdhéanann iad siúd thuas Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach (“OSFC”/“an Oifig”).

### **PRÍOMHFHEIDHMEANNA AN STIÚRTHÓRA**

Tá príomhfheidhmeanna an Stiúrthóra leagtha amach in alt 949 den Acht. Áirítear orthu sin:

- comhlíonadh an Achta a spreagadh;
- cásanna de chionta amhrasta faoin Acht a imscrúdú;
- an tAcht a fhorfheidhmiú, lena n-áirítear trí chionta a ionchúiseamh trí bhíthin imeachtaí achoimre<sup>2</sup>;
- cásanna a atreorú, dá rogha féin, chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí (“SIP”) i gcás go bhfuil forais réasúnacha ag an Stiúrthóir lena chreidiúint go ndearnadh cion indíotáilte<sup>3</sup> faoin Acht; agus
- ról maoirseachta a fheidhmiú, a mhéid is dóigh leis gur gá nó gur cuí sin, maidir le gníomhaíocht leachtaitheoirí agus glacadóirí maidir lena bhfeidhmeanna faoin Acht a chomhlíonadh.

### **NEAMHSPLEÁCHAS AN STIÚRTHÓRA**

Déantar foráil san Acht<sup>4</sup> go mbeidh an Stiúrthóir neamhspleách i bhfeidhmiú a fheidhmeanna.

---

<sup>1</sup> <https://revisedacts.lawreform.ie/eli/2014/act/38/revised/en/pdf?annotations=true>

<sup>2</sup> i.e., os comhair na Cúirte Dúiche

<sup>3</sup> Is ionann cion indíotáilte agus cion is féidir a thriail ar díotáil, i.e., os comhair giúiré sa Chúirt Chuarda

<sup>4</sup> Alt 949(3), Acht na gCuideachta, 2014

## SPRIOCANNA ARDLEIBHÉIL

Bunaithe ar na príomhfheidhmeanna reachtúla mar atá leagtha amach thuas, ba iad seo a leanas spriocanna ardleibhéil OSFC le linn na bliana faoi athbhreithniú:

- i. tuiscint níos fearr a chur chun cinn ar chearta agus ar dhualgais na bpáirtithe lena mbaineann faoi dhlí na gcuideachtaí;
- ii. aghaidh a thabhairt ar iompar mídhleathach agus mífhreagrach a mhéid a bhaineann sé le dlí na gcuideachtaí; agus
- iii. seirbhís ardchaighdeán do chustaiméirí a sholáthar do pháirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha.

Déantar mionléiriú ar na straitéisí agus ar na gníomhaíochtaí ar tugadh fúthu agus a rinneadh faoi seach le linn na tréimhse faoi athbhreithniú chun na spriocanna sin a bhaint amach sa chuid eile den Tuarascáil seo.

## ACMHAINNÍ, STRUCHTÚR EAGRAÍOCHTÚIL AGUS SOCRUITHE RIALACHAIS

### ACMHAINNÍ DAONNA

Sonraítear líon iarbhír fhoireann OSFC (i.e. seachas baill foirne faofa) ag tús agus ag deireadh na tréimhse faoi seach i dTábla 1 thíos.

**Tábla 1 - Líon foirne OSFC**

Líon na Foirne (Coibhéis Lánaimseartha Iomlán)	06 Iúil 2022	1 Eanáir 2022
Líon Iarbhír na foirne	45	44.6

Comhdhéanamh fhoireann na hOifige amhail an 6 Iúil 2022:

**Tábla 2 Anailís ar iarbhír foirne (Coibhéis Lánaimseartha Iomlán)**

Grád	06 Iúil 2022
Stiúrthóir	1
Cinn Feidhme	6
Aturnaetha Forfheidhmithe	1
Cuntasóirí Dlí-Eolaíochta	6
Príomhoifigigh Chúnta	2
Ardoifigigh Feidhmiúcháin	6
Oifigigh Feidhmiúcháin	5
Oifigigh Cléireachais	8
Bleachtairí Garda / Bleachtairí Cigire	0
Bleachtairí Sáirsintí/Sáirsintí	2
Bleachtairí Gardaí	8
<b>Iomlán</b>	<b>45</b>


## ACMHAINNÍ AIRGEADAIS

Maoinítear an Oifig trí Vóta (Vóta 32) na Roinne Fiontar, Trádála & Fostaíochta (“an Roinn”). Leagtar amach i dTábla 3 thíos sonraí maidir le leithdháileadh agus caiteachas na hOifige le haghaidh 2022 faoi seach.

**Tábla 3 – leithdháileadh agus caiteachas 2022**

	<b>Leithdháileadh € 000</b>	<b>Caiteachas € 000</b>	<b>% den leithdháileadh tabhaithe</b>
Pá	2,024	1,255	62%
Neamhphá	1,947	985	51%
Costais dlí eisceachtúla (soláthar teagmhasach)	26	0	0
<b>iomlán</b>	<b>3,997</b>	<b>2,240</b>	<b>56%</b>

## STRUCHTÚR NA hEAGRAÍOCHTA



## PRÍOMHSHRUTHANNA OIBRE

Mar gheall ar chineál príomhshruthanna oibre na hOifige is gá cur chuige ildisciplíneach a bheith ag an gcuid is mó díobh a bhaineann le caidreamh leanúnach idir feidhmeanna agus/nó comhoibriú gníomhach feidhmeanna d'fhonn cuspóirí corparáideacha a bhaint amach. Dá réir sin, tá cumarsáid éifeachtach idir feidhmeanna, agus go nglacfaidh gach feidhm dearcadh eagraíochta iomláine agus iad ag comhlíonadh a róil, ina thoisic ríthábhachtach ratha. Dá réir sin, is cur chuige é seo a spreagann agus a éascaíonn foireann ceannaireachta na hOifige.

## COMHLÍONADH DHLÍ NA gCUIDEACHTAÍ A SPREAGADH

Ar an gcéad dul síos, baineann an fhreagracht maidir le comhlíonadh an Achta a spreagadh leis an bhfeidhm Abhcóideachta. Mar sin féin, déanann sí idirchaidreamh le feidhmeanna ábhartha eile chun monatóireacht a dhéanamh ar threochtaí agus réimsí a shainnithint ar fiú tionscnaimh abhcóideachta fócasaithe a dhéanamh ina leith.

## **FEABHSUITHE REACHTÁÍOCHTA AGUS BEARTAIS A MHOADH**

Ag brath ar chineál an ábhair, sanntar forbairt aighneachtaí OSFC ar fheidhm amháin nó níos mó. Déantar forbairt aighneachtaí a chomhordú tríd an bhfeidhm Abhcóideachta de ghnáth.

## **TUAIRISCÍ NA LEACHTAITHEOIRÍ A ATHBHREITHNIÚ AGUS BREITHIÚNAS A THABHAIRT ORTHU**

Déanann an fheidhm Dhócmhainneachta athbhreithniú, scrúdú agus breithiúnas ar thuairiscí leachtaitheoirí. Is iad oifigigh sheanbhunaithe cásanna dócmhainneachta a dhéanann cinntí maidir le faoiseamh a dheonú i leith stiúrthóirí cuideachtaí de bhun moltaí leachtaitheora, le hionchur nuair is gá ó chuntasóirí fóiréinseacha agus ó chomhairleoirí dlí, nuair is cuí.

## **CUIDEACHTAÍ DÓCMHAINNEACHA DÍSCAOILTE A SCRÚDÚ**

Cuireann an fheidhm Dhócmhainneachta beartas i bhfeidhm chomh maith chun scrúdú a dhéanamh ar chuideachtaí dócmhainneacha a baineadh den chlár agus dliteanais shuntasacha acu agus déanann sí cinntí ar cheart leanúint le dícháiliú na stiúrthóirí ábhartha.

## **AN CREAT GEALLTANAS A CHUR CHUN FEIDHME**

Tá an sruth oibre sin ina chuid dhílis agus rithábachtach den fheidhm Dhócmhainneachta agus cuimsítear ann nósanna imeachta riaracháin breise a bhaineann leis an gCóras Gealltanais maidir le stiúrthóirí cuideachta a shrianadh agus a dhícháiliú. Is é an toradh air sin coigilteas an-suntasach costas agus cur chun feidhme níos éifeachtaí agus níos éifeachtaí an Achta, mar a bhaineann sé le cuideachtaí dócmhainneacha. 3

## **SCRÚDÚ AR GHEARÁIN AGUS AR THUARASCÁLACHA REACHTÚLA**

Is í an fheidhm um Fhorfheidhmiú atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar ghearáin agus ar thuarascálacha reachtúla (amhail, mar shampla, tuarascálacha iniúchóirí ar chionta indíotáilte). Ag brath ar chineál na saincheisteanna a thiocfaidh chun cinn, féadfaidh an fheidhm um Fhorfheidhmiú:

- aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna féin, e.g., trí cheartú/leasú toilteanach nó trí úsáid a bhaint as cumhachtaí reachtúla áirithe an Stiúrthóra;
- an t-ábhar a shonrú mar ábhar nach mór tuilleadh imscrúdaithe a dhéanamh air;
- an t-ábhar a chur ar aghaidh chuig an bhfeidhm Dócmhainneachta, e.g., i gcás ina mbaineann na saincheisteanna atá i gceist le cuideachta dhócmhainneach;
- an t-ábhar a chur ar aghaidh chuig tríú páirtí, mar shampla, comhlacht rialála nó forfheidhmithe eile.

## **DLITEANAS FORFHEIDHMITHE SIBHIALTA**

Den chuid is mó, is í an fheidhm um Fhorfheidhmiú i gcomhar leis an bhfeidhm Dí a bhainistíonn an dlíthíocht maidir le forfheidhmiú sibhialta.

Comhbhainistíonn an fheidhm Dhócmhainneachta agus an fheidhm um Fhorfheidhmiú, arís i gcomhar leis an bhfeidhm Dí, an dlíthíocht sibhialta, amhail dícháiliú stiúrthóirí cuideachtaí a baineadh de Chlár na gCuideachtaí agus fiacha neamhurscaoilte acu a lorg.

## **IMSCRÚDÚ AGUS IONCHÚISEAMH COIRIÚIL**

Tugann an fheidhm Fhorfheidhmithe faoi imscrúdú ar shárúithe coiriúla féideartha ar dhlí na gcuideachtaí, le tacaíocht, de réir mar is gá, ó na feidhmeanna Dí-eolaíochta agus Dílthiúla Digiteach.

Nuair a chinntear imeachtaí coiriúla a choimre a thionscnamh, beidh an t-ionchúiseamh ina ghníomh comhoibríoch idir an fheidhm um Fhorfheidhmiú agus an fheidhm Dí.

I gcúinsí, i ndiaidh athbhreithniú a dhéanamh ar chomhad imscrúdaithe arna chur isteach ag an Oifig, go gcinfidh an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí ionchúiseamh ar díotáil a thionscnamh, beidh soláthar tacaíochta ina dhiaidh sin d'Oifig an SIP (mar shampla, maidir le nochtadh don chosaint), mar fhreagracht go príomha ar an bhfeidhm um Fhorfheidhmiú.



## **MAIRSEACHT AR IOMPAR LEACHTAITHEOIRÍ**

Gníomhaíochtaí comhoibríocha a dhéantar chun mairseacht a dhéanamh ar iompar leachtaitheoirí (amhail, mar shampla, athbhreithniú a dhéanamh ar leabhair agus ar thaifid leachtaitheoirí), a bhaineann leis an bhfeidhm Dhócmhainneachta agus leis an bhfeidhm um Fhorfheidhmiú araon.

## **SEIRBHÍSÍ TACAÍOCHTA A SHOLÁTHAR**

Is í feidhm na Seirbhísí Corparáideacha atá freagrach go príomha as seirbhísí tacaíochta a sholáthar do réimsí eile den Oifig. Tá an fhreagracht ar gach feidhm as cuidiú le feidhm na Seirbhísí Corparáideacha lena chinntiú go gcomhlíonfar oibleagáidí OSFC mar Oifig a mhaoinítear go poiblí go hiomlán (e.g. i réimsí an tsoláthair, nósanna imeachta imréitigh cánach srl.).

## **BAINISTÍOCHT AGUS FORBAIRT CAIDRIMH**

Cé go mbítear i mbun caidrimh níos mó i bhfeidhmeanna áirithe, de bhua chineál a bpríomhoibríochtaí, le páirtithe leasmhara seachtracha áirithe ná a chéile, tá ról idirnasctha na heagraíochta chomh mór sin agus go bhfuil ról ag gach feidhm i mbainistíocht agus forbairt leanúnach caidrimh.

## **Caibidil 2**

**TUISCINT NÍOS FEARR A CHUR CHUN  
CINN AR CHEARTA AGUS AR  
DHUALGAIS NA bPÁIRTITHE LENA  
mBAINNEANN FAOI DHLÍ NA  
gCUIDEACHTAÍ**

## RÉAMHRÁ

Soláthraítear sa Chaibidil seo sonraí ar na príomhstraitéisí ar thug an Oifig fúthu, agus ar na gníomhaíochtaí a rinne an Oifig, le linn na bliana faoi athbhreithniú chun an sprioc thuasluaite a chur chun cinn. Go hachomair, áiríodh leis na straitéisí agus na gníomhaíochtaí sin:

- forbairt foilseachán agus ábhair treorach eile;
- dul i mbun réimse gníomhaíochtaí for-rochtana lena n-áirítear cuir i láthair a dhéanamh, freastal ar sheimineáir agus ar thaispeántais (i gcás nár chuir srianta Covid-19 cosc air sin), agus déileáil le fiosrúcháin um dhlí na gcuideachtaí ar réimse saincheistanna ó bhaill den phobal;
- feabhsuithe reachtaíochta agus beartais a mholadh; agus
- caidreamh le páirtithe leasmhara seachtracha a bhainistiú agus a fhorbairt.

## FOILSEACHÁIN AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ FOR-ROCHTANA

### FOILSEACHÁIN

I rith na tréimhse faoi athbhreithniú, eisíodh 1,428 cóip fhisiciúil d'fhoilseacháin éagsúla OSFC, Leabhair Faisnéise agus Treoracha Tapa go príomha, chuig páirtithe leasmhara.

### SEIMINEÁIR AGUS TAISPEÁNTAIS

Príomhghné de straitéis abhcóideachta na hOifige is ea a clár for-rochtana. Is éard atá i gceist leis sin, i measc nithe eile, cur i láthair agus óráidí a thabhairt do ghrúpaí páirtithe leasmhara, chomh maith le freastal ar thaispeántais agus ar imeachtaí inar dócha go mbeidh fothacar amháin nó níos mó de lucht spéise na hOifige i measc an luchta spéise. Tá dailcheantair áirithe sainaitheanta ag an Oifig mar an lucht spéise a bhfuil sé dírithe orthu, lena n-áirítear:

- daoine atá ag smaoineamh ar ionchorprú nó daoine a chorpraigh cuideachtaí le déanaí;
- comhlachtaí poiblí, Oifigí agus Gníomhaireachtaí;
- gairmithe a sholáthraíonn comhairle do chuideachtaí agus do stiúrthóirí cuideachta, a bhfuil sé ar a gcumas, de bhua na ngníomhaíochtaí sin, teachtaireacht um chomhlíonadh OSFC a chur in iúl do chliaint agus ar an dóigh sin méadú suntasach a dhéanamh ar chumhacht na hOifige;
- mic léinn atá cláraithe faoi láthair i gclár ghnó ar leibhéal fochéime agus iarchéime, agus a lán acu a bheidh ina stiúrthóirí ar chuideachtaí nó ina gcomhairleoirí gairmiúla iad féin ar deireadh; agus
- na hearnálacha pobail agus deonacha, ar gnách, de bharr a gcineáil, mar mholadh ginearálta, nach mbíonn eolas chomh forbartha sin acu ar dhlí na gcuideachtaí agus, mar thoradh air sin, is gnách go mbíonn treoir de dhíth orthu maidir le dlí na gcuideachtaí agus maidir le cúrsaí rialachais chorparáidigh lena mbaineann.

Le linn na tréimhse faoi athbhreithniú, rinne foireann na hOifige 5 cur i láthair agus freastalaíodh ar 4 imeacht. Déileáladh i mórán de na cuir i láthair sin go sonrath le topaicí amháin ról agus dualgais stiúrthóirí cuideachta agus feidhm abhcóideachta, feidhm dhócmhainneachta agus feidhm um fhorfheidhmiú OSFC. Lean na srianta a tugadh isteach i mí an Mhárta 2020 mar chuid den fhreagairt sláinte poiblí ar Covid-19 ag dul i bhfeidhm go mór ar chláir imeachtaí OSFC. agus dá réir sin ghlac OSFC páirt in imeachtaí ó chian chun a shainordú abhcóideachta a chur chun cinn.

## CAIDREAMH LE PÁIRTITHE LEASMHARA SEACHTRACHA A BHAINISTIÚ AGUS A FHOIBRÁIR

Lena cuspóirí reachtúla agus a spriocanna gaolmhara a chur ar aghaidh, féachann an Oifig le caidreamh láidir agus éifeachtach a fhorbairt agus a choimeád le raon príomhpháirtithe leasmhara. I dteannta leis an bpobal, áirítear ar phríomhpháirtithe leasmhara na hOifige an tOireachtas, an tAire

Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, comhlachtaí reachtúla/rialála eile agus iad siúd a sholáthraíonn seirbhísí gairmiúla (e.g., cuntasáíocht, iniúchadh, dlí) do chuideachtaí agus do stiúrthóirí agus oifigigh cuideachta. Tá achomre déanta thíos ar chaidreamh na hOifige le linn na tréimhse faoi athbhreithniú le roinnt dá bpríomhpháirtithe leasmhara.

### **COMHALTAÍ THITHE AN OIREACHTAIS**

Ó am go chéile, faigheann an Oifig cumarsáidí agus uirill ó chomhaltaí an Oireachtais agus/nó ó Choistí arna mbunú ag an Oireachtas. Go hiondúil, is léiriú inní iad na cumarsáidí sin maidir le cé acu an bhfuil dlí na gcuideachtaí á sárú, an mbaineann siad le cásanna atá á n-athbhreithniú, agus/nó an bhfuil iarratais ar ghníomhaíochtaí áirithe le déanamh i leith daoine/eintitis áirithe. Cé go ndéantar gach cumarsáid agus uiríoll dá leithéid a bhreithniú go cúramach – agus a mhéid is indéanta, go gcuirtear gach cúnaimh ar fáil do na hIonadaithe agus do na Seanadóirí – tá OSFC neamhspleách ar an gcóras polaitíochta. Mar sin, is trí thagairt a dhéanamh do na bunfhíricí agus do na himthosca a dhéantar aon ghníomhaíochtaí a dhéanann OSFC seachas tagairt d'fhoinsé an ghearáin.

### **AN ROINN FIONTAR, TRÁDÁLA AGUS FOSTAÍOCHTA**

Lean foireann na hOifige de bheith i dteagmháil le comhghleacaithe sa Roinn i rith na tréimhse faoi athbhreithniú maidir le hábhair chomhleasa.

### **AN OIFIGE UM CHLÁRÚ CUIDEACHTAÍ (“OCC”)**

Mar stór poiblí faisnéise faoi chuideachtaí agus oifigigh cuideachtaí, tá ról ríthábhachtach ag an OCC maidir le tacú leis an Oifig ina cuid oibre. Chomh maith le teacht le chéile ar ábhair chomhleasa, cuireann foireann an OCC fianaise ar fáil go rialta in imeachtaí OSFC agus, nuair a shainaithnítear iad, sárúithe *prima facie* ar dhlí na gcuideachtaí.

### **OIFIG NA gCOIMISINÉIRÍ IONCAIM**

Tá na Coimisinéirí Ioncaim mar chomhpháirtí tábhachtach de chuid na hOifige maidir le cur chun cinn a cuid oibre, go háirithe maidir le hábhair a bhaineann le dócmhainneacht. Tá Meabhrán Tuisceana (‘MT’) i bhfeidhm ag OSFC agus ag na Coimisinéirí Ioncaim a cheadaíonn, ar bhun a reachtaíochta bunaidh faoi seach, do gach comhlacht faisnéis a tharchur chuig an gcomhlacht eile má bhíonn siad sásta go bhfuil an fhaisnéis sin ábhartha do shainchúram an chomhlachta eile.

### **AN COIMISIÚN EORPACH**

Ghlac OSFC páirt arís in ullmhúcháin Thuarascáil Bhliantúil an Choimisiúin Eorpaigh um Smacht Reachta trí fhreastal ar chruinniú déthaobhach inar léadh ról OSFC.

### **ÚDARÁS MAOIRSEACHTA INIÚCHTA AGUS CUNTASAÍOCHTA NA hÉIREANN (“ÚMICÉ”)**

I gcomhréir le forálacha an Achta, is comhalta den ÚMICÉ é an Stiúrthóir agus tá an ceart iarmhartach aige comhalta a ainmniú ar a Bhord Stiúrthóirí. Tá an tUasal David Hegarty ina chomhlacht de Bhord Stiúrthóirí an ÚMICÉ chomh maith le comhalta de Choiste Iniúchta & Riosca an Bhoird. Chomh maith leis an gcaidreamh reachtúil sin mar atá léirithe thuas, oibríonn an Oifig go rialta leis an ÚMICÉ ar ábhair chomhleasa.

### **GRÚPA ATHBHREITHNITHE AN DLÍ CUIDEACHTAÍ (“GADC”)**

Is comhlacht comhairleach reachtúil é GADC<sup>5</sup> don Aire maidir le hábhair a bhaineann le dlí na gcuideachtaí. Tá an Stiúrthóir ina bhall de GADC agus déantar ionadaíocht don OSFC ag cruinnithe iomlánacha agus ag cruinnithe Coistí a mbaineann a gcuid oibre lena sainchúram. Le haghaidh na bliana faoi athbhreithniú:

---

<sup>5</sup> [www.clrg.org](http://www.clrg.org)

- **Dócmhainneacht Chorporáideach**

Bhí Conor O'Mahony agus David Hegarty ina gcomhaltaí de Choiste um Dhócmhainneacht Chorporáideach GADC, a bhfuil sé de chúram air athbhreithniú a dhéanamh ar reachtaíocht i dtaca le foirceannadh cuideachtaí.

- **Rialachas Corparáideach**

Bhí Conor O'Mahony ina chomhalta den Choiste um Rialachas Corparáideach chomh maith, a bhfuil sé de chúram air athbhreithniú a dhéanamh ar reachtaíocht i dtaca le saincheisteanna rialachais chorporáidigh.

- **Comhlíonadh agus Forfheidhmiú**

Tá an Stiúrthóir ina Chathaoirleach ar an gCoiste um Chomhlíonadh agus um Fhorfheidhmiú, a bhfuil sé de chúram air scrúdú a dhéanamh ar ghnéithe um chomhlíonadh agus um fhorfheidhmiú dhlí na gcuideachtaí.

### **BANC CEANNAIS NA hÉIREANN**

Tá Meabhrán Tuisceana ('MT') i bhfeidhm ag OSFC agus ag an mBanc Ceannais a cheadaíonn, ar bhun a reachtaíochta bunaidh faoi seach, do gach comhlacht faisnéis a tharchur chuig an gcomhlacht eile má bhíonn siad sásta go bhfuil an fhaisnéis sin ábhartha do shainchúram an chomhlachta eile.

### **GAIRM NA CUNTASAÍOCHTA**

Tá ról tábhachtach ag gairm na cuntasaíochta maidir le cuidiú le hobair na hOifige, trí oibleagáidí tuairiscithe na n-iniúcháirí (a dtugtar tuilleadh eolais fúthu sa chéad Chaibidil eile) agus trí thacaíocht níos leithne na gairme do theachtairacht um chomhlíonadh na hOifige agus í a chur in iúl. Mar sin, féachann an Oifig le bheith ag obair go dlúth leis na comhlachtaí gairmiúla cuntasaíochta chun tacú leo a chinntiú go gcuirfead a gcuid ball ar an eolas go hiomlán faoina n-oibleagáidí tuairiscithe reachtúla agus chun iad a chur ar an eolas faoin gcúnamh is féidir leis an Oifig a thabhairt do chliant a gcomhaltaí ag a bhfuil poist mar stiúrthóirí agus oifigigh chuideachta.

### **CUMANN IDIRNÁISIÚNTA NA RIALAITHEOIRÍ DÓCMHAINNEACHTA ("CIRD")**

Comhlacht idirnáisiúnta is ea CIRD ina dtugtar le chéile eispéiris chomhchoiteanna agus saineolas rialaitheoirí dócmhainneachta náisiúnta ó 26 dlínse ar fud an domhain. Is fóram luachmhar é an CIRD chun idirchaidreamh agus comhoibriú a chur chun cinn idir a chomhaltaí agus chun faisnéis faoi réimsí comhleasa agus an dea-chleachtas ar roinnt.

### **POBAL NA FÓIRÉINSICE DIGITÍ i bhFORFHEIDHMIÚ AN DLÍ**

Oibríonn an Speisialtóir san Fhóiréinsic Dhigiteach de chuid na hOifige go rialta lena chomhghleacaithe trí bhallraíocht de ghréasán gairmithe fóiréinsice digití a oibríonn sa réimse rialála/forfheidhmithe dlí.

### **NA MEÁIN**

Déileálann an Oifig le líon suntasach fiosrúchán ó na meáin gach bliain de ghnáth. Cé go dtuigeann an Oifig an ról tábhachtach is féidir leis na meáin a imirt chun bonn eolais a chur faoin díospóireacht ar dhlí na gcuideachtaí, ar cheisteanna um chomhlíonadh agus rialachas go ginearálta, agus go ndéanann sí a dícheall, nuair is féidir, cuidiú leis na meáin déileáil le fiosrúcháin ginearálta, ní mór di a bheith chomh cúramach céanna freisin maidir le conas a dhéanann sé amhlaidh, i bhfianaise a dualgais reachtúil rúndachta. Ina theannta sin, tuigeann an Oifig cearta daoine aonair agus daoine eile a thagann os comhair na gCúirteanna, agus, mar sin, ní eisiann sí tuairiscí ar dhul chun cinn ná aon fhaisnéis eile ar a gníomhaíocht forfheidhmiúcháin más rud é go bhféadfadh dochar a dhéanamh d'aon chaingne dlí amach anseo dá ndéanfaí amhlaidh.

## **Caibidil 3**

# **COMHLÍONADH AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ FORFHEIDHMIÚCHÁIN**

## STRUCHTÚR NA CAIBIDLE SEO

Sna trí Chuid seo a leanas den Chaibidil seo, sonraítear ionchuir, tréchur agus aschuir faoi seach na hOifige.

### CUID A: IONCHUIR

#### Ionchuir Sheachtracha

Tá gníomhaíochtaí na hOifige maidir le dul i ngleic le hiompar mídhleathach agus mífhreagrach á stiúradh go pointe suntasach, go díreach agus go hindíreach, ag ionchuir a thagann ó fhoinsí seachtracha. Is feidhm é sin toisc:

- go bhfuil oibleagáidí reachtúla tuairiscithe don Oifig ag roinnt páirtithe, lena n-áirítear leachtaitheoirí, iniúcháirí, scrúdaitheoirí, agus comhlachtaí gairmiúla áirithe;
- go bhfuil an Oifig ina cuid de chreat reachtúil níos leithne ina ndéantar foráil maidir le faisnéis a tharchur, nó atá rúnda ar shlí eile, idir comhlachtaí rialála agus forfheidhmiúcháin i gcás ina meastar an fhaisnéis sin a bheith ábhartha d'fheidhmeanna na n-eintiteas eile sin; agus
- go bhfaigheann an Oifig líon suntasach gearán ó bhaill den phobal gach bliain.

Sa chomhthéacs sin, ba iad seo a leanas na príomhionchuir a fuarthas ó fhoinsí seachtracha i rith na tréimhse:

**Tábla 4 - Ionchuir ó fhoinsí seachtracha**

	<b>1 Eanáir 2022 go dtí an 6 Iúil 2022</b>	<b>%</b>
<b>Tuairiscí Reachtúla</b>		
Tuarascálacha leachtaitheoirí (tosaigh) (a682)	177	
Tuairisc na leachtaitheoirí (ina dhiaidh sin) (a682)	146	
<b>Iomlán tuairiscí na leachtaitheoirí (a682)</b>	<b>323</b>	<b>68%</b>
Tuairiscí cionta indíotáilte iniúcháirí (a393)	43	9%
Tuairiscí scrúdaitheoirí (a534)	8	2%
<b>Atreoruithe</b>		
Atreoruithe ó pháirtithe seachtracha	12	3%
<b>Gearáin</b>		
Gearán ó bhaill den phobal	77	16%
<b>Eile</b>		
Nochtadh faoin Acht um Nochtadh Cosanta <sup>6</sup>	7	1%
Iarratais a lorgaíonn athrú chuig deireadh na bliana cuntasáíochta <sup>7</sup>	7	1%
<b>Iomlán na n-ionchuir ó fhoinsí seachtracha</b>	<b>477</b>	<b>100%</b>

<sup>6</sup> Tá an fhaisnéis a gceanglaítear an Oifig í a fhoilsiú de bhun alt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta 2014 leagtha amach níos déanaí sa Chaibidil seo faoin teideal Aschuir.

<sup>7</sup> Alt 288(10)(c)

## TUAIRISCÍ LEACHTAITHEOIRÍ FAOI ALT 682

### *Réamhrá – Forléargas ar an gcóras tuairiscithe leachtaitheoirí*

Go hachomair, ceanglaítear de réir dlí ar leachtaitheoirí cuideachtaí atá faoi<sup>8</sup> leachtú dócmhainneach<sup>9</sup> tuairisc a thabhairt don Oifig ar na himthosca ba chúis le mainneachtain na cuideachta agus ar iompar aon duine a bhí ina stiúrthóir ar an gcuideachta le linn an dá mhí dhéag sula ndeachaigh an chuideachta faoi leachtú. Ní mór don leachtaitheoir dul ar aghaidh freisin agus iarratas a chur faoi bhráid na hArd-Chúirte ar an srianadh<sup>10</sup> maidir le duine de na stiúrthóirí, mura scaoileann an Oifig an dualgas sin<sup>11</sup>.

Is iad seo a leanas bunaidhmeanna an chórais tuairiscithe reachtúil:

- cosaint éigin a thabhairt don phobal trína chinntiú nach bhféadfaidh daoine ar chinn an Ard-Chúirt nár ghníomhaigh siad go hionraic agus/nó go freagrach sa tréimhse sula ndeachaigh an chuideachta faoi leachtú dócmhainneach, maidir leis an tréimhse éigeantach chúig bliana sriantachta, gníomhú ach mar stiúrthóirí ar chuideachtaí eile a chomhlíonann íoscheanglais maidir le caipitliú amháin; agus
- a chinntiú go bhféadfaidh daoine a meastar gur ghníomhaigh siad go hionraic agus go freagrach, sa tréimhse sula ndeachaigh cuideachta faoi leachtú dócmhainneach, leanúint de bheith ag gabháil do ghníomhaíocht fiontraíochta trí mheán cuideachtaí faoi dhliteanas teoranta gan aon smachtbhanna nó pionós.

Breithníonn an Oifig faoiseamh a dheonú i gcás go gcuireann leachtaitheoir údar fianaisebhunaithe chun cinn mar thaca le héileamh gur ghníomhaigh stiúrthóir go hionraic agus go freagrach agus gnóthaí na cuideachta á stiúradh aige nó aici. Agus cinntí á ndéanamh ag an Oifig, is mian léi a chinntiú nach mbeidh ualach éisteachta Ard-Chúirte gan ghá ar aon stiúrthóir i gcás gur léirigh sé nó sí go soiléir iompar ionraic agus freagrach i seoladh gnóthaí an fhiontair ar theip air. I ngníomh, baineann an Oifig an gá atá le breithniú ag an Ard-Chúirt ar na cásanna sin ar dócha nach gá a haird a dhíriú orthu.

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara, áfach, nach ionann cinntí OSFC maidir le '*gan faoiseamh*' nó '*faoiseamh páirteach*' agus cinneadh mí-ionracais nó mífhreagrachta i leith na stiúrthóirí lena mbaineann, agus go mbeadh sé míchuí teacht ar aon tátal nó líomhain den sórt sin. Is faoin Ard-Chúirt amháin atá sé (i ndiaidh di éisteacht le haigneachtaí an leachtaitheora agus an stiúrthóra (na stiúrthóirí) faoi seach) a chinneadh ar cheart Dearbhú Sriantachta a dhéanamh maidir le haon stiúrthóir cuideachta ar leith.

8 Bíonn cuideachta dócmhainneach nuair nach mbíonn sí in ann a fiacha a íoc de réir mar a bhíonn siad dlíte.

9 Alt 682 d'Acht na gCuideachtaí 2014

10 I gcás go bhfuil srian ar dhuine faoi alt 819 d'Acht na gCuideachtaí 2014, ní fhéadfaidh sé/sí feidhmiú mar stiúrthóir nó mar rúnaí cuideachta ach ar feadh tréimhse cúig bliana ina dhiaidh sin ar an gcoinníoll go gcomhlíonfaidh an chuideachta lena mbaineann íoscheanglais maidir le caipitliú. I gcás cuideachta phoiblí teoranta, teastaíonn íosmhéid scairchaipiteal glaoite de €500,000. I gcás cuideachta ar bith eile, is ionann an figiúr comhfhreagrach agus €100,000.

11 Leagtar amach próiseas agus raon feidhme tuairiscithe leachtaitheoirí i dtrí phríomhfhoilseachán de chuid an OSFC, Fógra Cinnidh D/2002/3 arna fhorlíonadh le Fógra Cinnidh D/2003/1 agus le Fógra Faisnéise I/2009/1.



## TUAIRISCÍ LEACHTAITHEOIRÍ FAOI ALT 682 A FUARTHAS – 1 EANÁIR 2022 GO DTÍ AN 6 IÚIL 2022

Fuarthas 323 tuairisc ó leachtaitheoirí faoi alt 682 le linn na tréimhse, ar thuarascálacha tosaigh 177 díobh agus tuarascálacha ina dhiaidh sin iad 146.

### Anailís earnálach ar thuairiscí tosaigh a fuarthas ó leachtaitheoirí faoi alt 682 - 1 Eanáir 2022 go dtí an 6 Iúil 2022

Soláthraítear sa Tábla thíos sonraí maidir le dáileadh earnála na gcuideachtaí a bhfuarthas tuairiscí tosaigh leachtaitheoirí ina leith i rith na tréimhse faoi athbhreithniú.

**Tábla 5 - Anailís earnálach ar thuairiscí tosaigh a fuarthas ó leachtaitheoirí faoi alt 682**

Earnáil	2022	%
Mórdhíol & miondhíol	34	19
Tógáil	21	12
Pobal, Sóisialta & Eile	23	13
Déantúsaíocht & Priontáil	8	5
Óstáin, Beáir & Lónadóireacht	12	7
Margaíocht & Cur Chun Cinn	0	0
Eastát Réadach & Cíos	11	6
Teicneolaíocht & Teileachumarsáid	21	12
Airgeadas & Léasú	36	20
Iompar & Dáileadh	7	4
Talmhaíocht, Mianadóireacht & Muirí	4	2
Seirbhísí Earcaíochta & Slándála	0	0
<b>Iomlán</b>	<b>177</b>	<b>100%</b>

### GEALLTANAS UM SHRIANADH AGUS DÍCHÁILIÚCHÁN

D'fhéadfadh sé nach mbeadh ar dhaoine aonair a bhféadfadh imeachtaí Cúirte a bheith rompu seachas sin freastal ar an gCúirt trí aontú go toilteanach le srianadh nó dícháiliú, de réir mar is infheidhme (i.e., trí Ghealltanais atá ceangailteach de réir dlí chuige sin a sholáthar) (an "Gealltanais").

Déantar soláthar san Acht do rogha don OSFC maidir le gealltanais a thairiscint. Ní mór gealltanais a thairiscint ar an bhfoirm fhorordaithe, a bhfuil a leagan amach agus a hábhar sonraithe le hIonstraim Reachtuil agus tugtar "Fógra" air. Ní mór achoimre a leagan amach san Fhógra, inter alia, ar na himthosca, ar na fíricí agus ar na líomhaintí lena mbunaítear na forais le srianadh nó dícháiliú mar aon le sonraí faoi éifeachtaí dlíthiúla Gealltanais don duine lena mbaineann.

Níl aon oibleagáid ar fhaignteoir Fógra glacadh leis an tairiscint (i.e. an Gealltanais a sholáthar). I gcás ina bhfuil sé beartaithe ag an bhfaignteoir glacadh leis an tairiscint, áfach, ní mór dó nó di é sin a dhéanamh laistigh de 21 lá (nó laistigh de pé tréimhse níos faide a cheadóidh OSFC). Le linn thréimhse na tairisceana seo, ní fhéadfaidh OSFC ná aon duine eile atá ar an eolas faoi eisiúint an Fhógra imeachtaí a thionscnamh chun faighteoir an Fhógra a shrianadh nó a dhícháiliú de bhun na gcúinsí, na bhfíricí agus na líomhaintí arna leagan amach san Fhógra.

I gcás go gcinneann faighteoir Fógra glacadh leis an tairiscint agus Foirm um Ghlacadh le Gealltanais arna siniú go cuí a sheoladh ar ais, beidh sé nó sí faoi réir Dearbhú/Ordú Srianachta nó Dícháiliúcháin

ar an mbonn céanna amhail is dá mbeadh srian nó dícháiliú forchurtha ag an Ard-Chúirt. Dá bhrí sin, beidh sárú ar bith ina dhiaidh sin ar théarmaí na sriantachta nó an dícháiliúcháin ina chion coiriúil<sup>12</sup> agus beidh sé mar an gcéanna le sárú ar shrianadh nó ar dhícháiliú a d'fhorchuirfeadh an Chúirt.

In ainneoin go bhféadfaidh stiúrthóirí cuideachta nó daoine eile Gealltanais a sholáthar go toilteanach, is féidir leo, mar sin féin, iarratas a chur faoi bhráid Chúirte go fóill – tráth ar bith le linn na sriantachta nó an dícháiliúcháin – chun faoiseamh a iarraidh, go hiomlán nó go páirteach, ó théarmaí na sriantachta nó an dícháiliúcháin. Cé go mbreithneoidh OSFC aon iarratais den sórt sin de réir an cháis i gcomhthéacs na bhfíricí agus na gcúinsí ar leith, ag féachaint don ghá atá le seasamh le sláine an phróisis, cuirfidh OSFC, mar sheasamh ginearálta beartais, i gcoinne iarratais den sórt sin i bhformhór na gcásanna.

Maidir le dícháiliú, foráiltear sa reachtaíocht gurb é cúig bliana an fad uasta dícháiliúcháin is féidir leis OSFC a thairiscint trí Ghealltanais. Dá bhrí sin, i gcúinsí go gceapann OSFC go bhfuil gá le tréimhse dhícháiliúcháin sa bheis ar chúig bliana (cinneadh a dhéantar faoi threoir fhíricí agus imthosca ar leith gach cáis, cásanna inchomparáide roimhe sin, agus aon chásdlí ábhartha), ní dhéanfar tairiscint. Seachas sin, déileálfar leis an ábhar trí iarratas chuig an Ard-Chúirt.

Cinntíonn an creat gealltanais go ndéileálfar le stiúrthóirí cuideachta, a bhfaightear go bhfuil an tAcht á sárú acu agus a bhfuil imeachtaí sriantachta nó dícháiliúcháin rompu, ar bhealach riaracháin éifeachtach agus éifeachtúil gan gá le rannpháirtíocht na gCúirteanna. I ndiaidh don OSFC an próiseas gealltanais a chur chun feidhme, glacadh le 662<sup>13</sup> gealltanais san iomlán maidir le srianta agus dícháiliú suas go dtí an 6 Iúil 2022. Cé go bhfuil ualach suntasach breise riaracháin ar OSFC mar gheall as an bpróiseas sin, tá coigilteas suntasach costais agus ama do na leachtaitheoirí agus stiúrthóirí cuideachta, agus do chóras na gCúirteanna freisin mar thoradh air.

### Gearáin

Faigheann an Oifig líon suntasach gearán gach bliain ó bhaill den phobal. Le linn na tréimhse faoi athbhreithniú fuarthas 77 gearán ar an iomlán, arbh ionann é sin agus 16% de na hionchuir sheachtracha ar fad a fuarthas. Tugtar anailís sa Tábla thíos ar ábhar na ngearán a fuarthas.

**Tábla 6 - Gearáin a fuarthas (anailísithe de réir thréith na mainneachtana príomha)**

Ábhar an Ghearáin	2022	%
Bainteach le Cruinniú Ginearálta Bliantúil/Urghnách	12	15
Iompar stiúrthóirí (freagrachtaí & comhdú)	6	8
Líomhaintí maidir le trádáil mheargánta/chalaoiseach/dócmhainneach	16	21
Líomhaintí faoi bhrionnú/faisnéis bhréagach a thabhairt/doiciméid fhalsaithe	10	13
Maidir le fiacha neamhíoctha	10	13
Rochtain ar thaifid chuntasaíochta/mhiontuairiscí cruinnithe	5	6
Bainteach le clár comhaltaí	4	5
Bainteach le hiniúchadh/iniúcháir	3	4
Bainteach le glacadóireacht	2	3
Saincheisteanna a bhaineann le seoltaí	2	3
Saincheisteanna ginearálta maidir le cearta scairshealbhóirí	2	3
Gníomhú mar stiúrthóir agus é nó í féimheach/srianta/dícháilithe	0	
Cuideachtaí ag trádáil agus iad bainte den Chlár/díscaoilte	1	1

<sup>12</sup> Alt 855 agus 859 d'Acht na gCuideachtaí 2014

<sup>13</sup> Cuimsítear ann 535 Gealltanais Sriantachta, 34 Gealltanais Dícháiliúcháin agus 93 Gealltanais Dícháiliúcháin a rinne stiúrthóirí cuideachtaí dócmhainneacha díscaoilte.

<b>Ábhar an Ghearáin</b>	<b>2022</b>	<b>%</b>
Bainteach le húsáid mhíchuí an fhocail “Teoranta”	0	
Gníomhaíocht leachtaithe/athchuideachta	0	
Eile	4	5
<b>Iomlán</b>	<b>77</b>	<b>100</b>

### **TUAIRISCÍ MAIDIR LE CIONTA INDÍOTÁILTE INIÚCHÓIRÍ**

Déantar foráil in alt 393(1) den Acht, i gcás, le linn agus de bhua iniúchadh a dhéanamh, go dtiocfadh faisnéis i seilbh iniúchóirí cuideachta lena dtiocfaidís ar an tuairim go bhfuil forais réasúnacha ann lena chreidiúint go bhféadfadh sé go ndearna an chuideachta nó oifigeach nó gníomhaire de chuid na cuideachta cion indíotáilte faoin Acht, ceanglaítear ar na hiniúchóirí an tuairim sin a thuairisciú do OSFC.

Le linn na tréimhse faoi athbhreithniú fuarthas 43 tuairisc ó iniúchóirí maidir le cion indíotáilte. Ba chóir a thabhairt faoi deara nach dtagann líon na dtuairiscí a fuarthas go beacht le líon na gcionta amhrasta a tuairiscíodh toisc, i roinnt cásanna, go raibh tagairt sna tuairiscí a fuarthas do níos mó ná cion amhrasta amháin.

### **TUAIRISCÍ Ó SCRÚDAITHEOIRÍ**

De bhun alt 534(6) den Acht, i gcás ina gceaptar scrúdaitheoir do chuideachta, déanfaidh sé/sí, a luaithe is féidir i ndiaidh tuairisc a ullmhú, cóip den tuairisc a sholáthar don OSFC. Le linn na tréimhse faoi athbhreithniú, fuarthas 8 dtuairisc dá leithéid.

### **ATREORUITHE**

Mar a luadh níos luaithe sa Chaibidil seo, tá an Oifig ina cuid de chreat reachtúil níos leithne a cheadaíonn malartú faisnéise rúnda idir comhlachtaí rialála, forfheidhmiúcháin agus comhlachtaí ábhartha eile, faoi réir cosaint agus srianta cuí. Sa chomhthéacs sin, faigheann an Oifig atreoruithe ó chomhlachtaí agus ó eintitis reachtúla eile ó am go chéile. Le linn na tréimhse faoi athbhreithniú, fuair an Oifig 12 atreorú den chineál sin.

### **TUAIRISCÍ MAIDIR LE CIONTA INDÍOTÁILTE COMHLACHTAÍ GAIRMIÚLA**

#### **Comhlachtaí Cuntasaíochta Aitheanta (“CCAnna”)**

I gcás go bhfuil forais réasúnacha ag Coiste nó Binse Araíonachta CCA lena chreidiúint go bhféadfadh sé go ndearna duine cion indíotáilte faoin Acht le linn don duine sin a bheith ina chomhalta den CCA, ceanglaítear ar an CCA an t-ábhar a thuairisciú don Oifig.

#### **Comhlachtaí Forordaithe Gairmiúla (“CFGnna”)**

I gcás go gcinneann Coiste nó Binse Araíonachta CGF nach bhfuil taifid chuí coinnithe ag comhalta a bhíonn i mbun scrúdaitheoireachta nó glacadóireachta nó go bhfuil forais réasúnacha aige lena chreidiúint go ndearna an comhalta cion indíotáilte faoin Acht le linn scrúdaitheoireachta nó glacadóireachta, ceanglaítear ar CGF lena mbaineann an cheist a thuairisciú don Oifig. Meastar amhlaidh maidir le comhlachtaí cuntasaíochta forordaithe de bhua aitheantas ÚMICÉ orthu de réir Chuid 15 den Acht.

Tagraíonn ‘*comhlacht gairmiúil forordaithe*’ i ndáil le hait 448, 558, agus 688 do Choiste nó do Bhinse Araíonachta de chuid comhlachta ghairmiúil Forordaithe a bhaineann le halt 633 (lena socraítear cáilíochtaí chun scrúdaitheoirí agus glacadóirí a cheapadh).

Is na comhlachtaí:

- CCDC - Comhlachas na gCuntasóirí Deimhnithe Cairte
- CCI - Comhlachas na gCuntasóirí Idirnáisiúnta
- ICCB - Institiúid Chairte na gCuntasóirí Bainistíochta
- ICAPC - Institiúid Chairte Airgeadais Phoiblí agus Cuntasaíochta
- ICCÉ - Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn
- ICDPÉ - Institiúid na gCuntasóirí Deimhnithe Poiblí in Éirinn
- Dlí-Chumann na hÉireann

I.R. Uimh. 570 Rialacháin 2018 fán Acht na gCuideachtaí 2014 (Comhlachtaí Gairmiúla Forordaithe) 2018 comhlachtaí gairmiúla de bhun ailt 448 agus 558 d'Acht na gCuideachtaí 2014. Clúdaítear sna rialacháin na hoibleagáidí tuairiscithe atá ar chomhlachtaí gairmiúla nuair a bhraitheann siad mí-iompar arna dhéanamh ag a gcomhaltaí agus iad ag gníomhú mar Ghlacadóirí nó mar Scrúdaitheoirí. Ní bhfuarthas aon tuairiscí den sórt sin ó CGFanna i rith na tréimhse faoi athbhreithniú.

#### **TUAIRISCÍ LEACHTAITHEOIRÍ MAIDIR LE COIRIÚLACHT FHÉIDEARTHA**

Chomh maith lena n-oibleagáidí tuairiscithe faoi alt 682 mar atá sonraithe thuas, de réir alt 723(5) den Acht, ceanglaítear ar leachtaitheoirí, i gcúinsí ina ndealraíonn sé go raibh aon iar-oifigeach nó oifigeach reatha de chuid na cuideachta lena mbaineann ciontach in aon chion i ndáil leis an gcuideachta, tuairisc a thabhairt don SIP agus an cheist a chur faoi bhráid OSFC chomh maith. Clúdaítear san oibleagáid tuairiscithe sin gach leachtú, idir shócmhainneach agus dócmhainneach (i.e., leachtú toilteanach Comhaltaí agus Creidiúnaithe agus leachtú Cúirte) araon. Ní bhfuair an Oifig tuairisc ar bith den sórt sin i rith na tréimhse.

#### **NOCHTADH FAOIN ACHT UM NOCHTADH COSANTA 2014<sup>14</sup>**

Foráiltear in Alt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta 2014 go n-ullmhóidh agus go bhfoilseoidh gach comhlacht poiblí, tráth nach déanaí ná an 30 Meitheamh gach bliain, tuairisc maidir leis an mbliain díreach roimhe sin i bhfoirm a fhágann nach féidir na daoine lena mbaineann a aithint. Ní mór an méid seo a leanas a shonrú sa tuairisc thuasluaite:

- i. líon na nochtuithe cosanta a rinneadh leis an gcomhlacht poiblí;
- ii. an beart (más ann dó) a rinneadh mar fhreagra ar an nochtadh cosanta sin; agus
- iii. pé faisnéis eile a bhaineann leis an nochtadh cosanta sin agus an beart a rinneadh a d'iarrfadh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ó am go chéile.

#### **Tuarascálacha a fuarthas le linn na tréimhse**

Le linn na tréimhse 1 Eanáir 2022 go 6 Iúil 2022, fuair OSFC seacht nochtadh cosanta.

#### **Beart (más ann dó) a glacadh mar fhreagra ar an nochtadh cosanta a fuarthas**

I ndiaidh scrúdú a dhéanamh, cinneadh go raibh sé cinn as na seacht gcinn de nochtadh cosanta a fuarthas lasmuigh de shainchúram na hOifige.

#### **Pé faisnéis eile a bhaineann leis an nochtadh cosanta sin agus an beart a rinneadh a d'iarrfadh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ó am go chéile**

Ní bhaineann le hábhar.

---

<sup>14</sup> Tá an tAcht um Nochtadh Cosanta 2014 ar fáil ag Achtanna Athbhreithnithe ([lawreform.ie](http://lawreform.ie))

## **IONCHUIR INMHEÁNACHA**

### **RÉAMHRÁ**

Osclaítear formhór na gcáschomhad a osclaítear san Oifig mar fhreagra ar rud ar a dtugtar “ionchuir sheachtracha”, e.g. tuairiscí iniúchóirí, tuairiscí leachtaitheoirí, gearáin ón bpobal, srl. Mar aon leis na hionchuir sheachtracha sin, cruthaíonn an Oifig rud ar a dtugtar “ionchuir inmheánacha” trí chur chuige réamhghníomhach a ghlacadh i leith fhorfheidhmiú an Achta

Athraíonn cineál agus comhdhéanamh na n-ionchur inmheánach ó bhliain go bliain ag féachaint do roinnt breithnithe ábhartha, lena n-áirítear:

- cuspóirí sonracha comhlíonta agus/nó forfheidhmiúcháin na hOifige sa bhliain áirithe sin nó thar thimthriall ar leith;
- saincheisteanna téamacha agus/nó aonuaire a thagann chun cinn; agus
- fíricí agus imthosca ábhartha eile.

Mar sin, is féidir le hionchuir inmheánacha raon leathan de cheannteidil forfheidhmithe a chlúdach. Seo roinnt samplaí léiritheacha:

- gníomhaíochtaí a dhíríonn ar chohóirt áirithe daoine, e.g., daoine atá ina bhféimhigh neamhscaoilte, atá srianta nó atá dícháilithe;
- fiosrúcháin sibhialta nó choiriúla a tionscnaíodh as stuaim na hOifige;
- gníomhaíochtaí i leith cuideachtaí dócmhainneacha díscailte; agus
- gníomhaíochtaí a bhaineann le feidhmíocht/iompar leachtaitheora.

### **GNÍOMHAÍOCHTAÍ A DHÍRÍONN AR CHOHOIRT ÁRITHE DAOINE**

Gníomhaíochtaí a dhíríonn ar chohóirt áirithe daoine Le linn na bliana faoi athbhreithniú, tionscnaíodh fiosrúcháin i roinnt cásanna inar tháinig amhras chun cinn go bhféadfadh sé go daoine a bhí ina bhféimhigh neamhscaoilte, a bhí dícháilithe nó a bhí srianta ag gníomhú mar stiúrthóirí cuideachta nó i róil shonraithe eile (e.g., amhail iniúchóirí) agus gan cead acu é sin a dhéanamh (nó, i gcás daoine srianta, faoi réir coinníollacht áirithe amháin).

### **FIOSRÚCHÁIN ARNA dTIONSCLAMH AG AN OIFIG**

Mar a léiríodh thuas, cuireann an Oifig tús le fiosrúcháin agus imscrúduithe sibhialta agus coiriúla as a stuaim féin i gcás ina meastar gur gá nó gur cuí é sin ar chuma eile agus aird á tabhairt ar na bunfíricí agus ar na himthosca. D'fhéadfadh an méid seo a leanas, mar shampla, a bheith i gceist leis na spreagthaí do ghníomhaíochtaí den sórt sin:

- saincheisteanna a atreoraítear go himmheánach (e.g. idir Aonaid);
- saincheisteanna a saináithníodh de bhun athbhreithnithe ar ábhar a comhdaíodh leis an OCC nó doiciméid ábhartha eile;
- saincheisteanna a saináithníodh trí mhonatóireacht a dhéanamh ar dhlíthíocht; agus
- ceisteanna a aithnítear trí athbhreithniú ar thuairisciú na bpáipéar, an t-idirlíon, na meáin shóisialta srl.

Ag brath ar chineál na gcúinsí bunúsacha, is féidir na fiosrúcháin agus na himscrúduithe sin a chur chun cinn trí úsáid a bhaint as:

- cumhachtaí imscrúdaithe sibhialta an Stiúrthóra;
- cumhachtaí imscrúdaithe coiriúla an Stiúrthóra; agus/nó
- na cumhachtaí atá dílsithe do na Gardaí atá ar iasacht don Oifig de bhua go bhfuil na hoifigigh sin ina gcomhaltaí den Gharda Síochána.

## **CUIDEACHTAÍ DÓCMHAINNEACHA DÍSCAOILTE**

Déanann an Oifig na cuideachtaí seo a leanas a thréithriú mar “*chuideachtaí dócmhainneacha díscailte*”:

- cuideachtaí a baineadh den Chlár mar gheall ar mhainneachtain a dtuairisceáin bhliantúla a chomhdú; agus
- ar an dáta ar baineadh den chlár iad, go raibh dliteanais acu, bídis ina ndliteanais iarbhír, dliteanais theagmhasacha nó dliteanais ionchasacha.

Féadfaidh an Oifig iarratas a chur faoi bhráid na hArd-Chúirte maidir le stiúrthóirí na gcuideachtaí sin a baineadh den chlár a dhícháiliú<sup>15</sup>. Foráiltear i ndlí na gcuideachtaí<sup>16</sup> freisin, áfach, nach féidir leis an gCúirt duine a dhícháiliú a thaispeánann don Chúirt nach raibh aon dliteanais ag an gcuideachta nuair baineadh den Chlár nó go raibh na dliteanais sin scaoilte sular tionscnaíodh an t-iarratas ar dhícháiliú Agus an smachtbhanna a fhorchuirfear á bhreithniú, féadfaidh an Chúirt ina ionad sin<sup>17</sup> an stiúrthóir (na stiúrthóirí) a shrianadh i gcás ina mbreithníonn sí nach bhfuil údar le dícháiliú faoi na himthosca ar leith<sup>18</sup>.

I gcás go bhfuil fianaise ann lena dtugtar le tuiscint go raibh cuideachta dhócmhainneach ar an dáta ar baineadh den Chlár í, is é beartas na hOifige smaoinemh ar dhícháiliú stiúrthóirí na cuideachta a lorg. Is é is cúis leis sin, trí chead a thabhairt an chuideachta a bhaint den Chlár, go seachnaíonn na stiúrthóirí deireadh a chur leis an gcuideachta ar fad ar an mbealach cuí, i.e., trí leachtaitheoir a cheapadh. Mura gceaptar leachtaitheoir, seachnaíonn stiúrthóirí na cuideachta go ndéanfaí grinnscrúdú ar a n-iompar dá bhforáiltear le halt 682 den Acht.

I gcás go bhfeictear don Oifig go bhfuil an baol ann go ndéanfar stiúrthóir a dhícháiliú sna cúinsí sin, féadfaidh sí an deis a thabhairt don duine lena mbaineann Gealltanais Dícháiliúcháin a chur isteach go toilteanach. I gcomhthéacs an mhéid sin thuas, is fiú a thabhairt faoi deara freisin, i gcás gur baineadh cuideachta den Chlár, go ndílseofar a sócmhainní atá fágtha don Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe de réir fhorálacha an Achta Maoine Stáit 1954.

Le linn na tréimhse seo, d’aithin agus scrúdaigh an Oifig 11 cuideachta lenar bhain stiúrthóirí cuideachtaí a baineadh den Chlár agus a raibh dliteanais shuntasacha amuigh acu. Mar thoradh ar an scrúdú a rinneadh ar na cuideachtaí sin, mar aon leis an scrúdú ar 39 chuideachta ghaolmhar eile, dícháilíodh 5 stiúrthóir de bhun Gealltanais Dícháiliúcháin a tugadh de bhun alt 851 den Acht. Chomh maith leis sin, cuireadh cuideachta amháin ar ais ar an gClár d’fhonn aon fhiacha ábhartha gan íoc a chomhlíonadh.

## **GNÍOMHAÍOCHTAÍ A BHAINNEANN LE FEIDHMÍOCHT/IOMPAR LEACHTAITHEORA**

Ceann d’fheidhmeanna reachtúla an Stiúrthóra is ea:

“...ról maoirseachta a fheidhmiú, a mhéid a cheapann an Stiúrthóir gur gá nó gur cuí sin, maidir le gníomhaíocht leachtaitheoirí agus glacadóirí maidir lena bhfeidhmeanna faoin Acht a chomhlíonadh”<sup>19</sup>.

Cé go soláthraítear bealach don Oifig leis an bpróiseas tuairiscithe leachtaitheoirí faoi alt 682, mar a leagadh amach níos luaithe sa Chaibidil seo, chun maoirseacht a dhéanamh go hindíreach ar ghnéithe áirithe d’obair leachtaitheoirí, measann an Oifig ó am go ham go bhfuil sé iomchuí nó riachtanach ar chuma eile maoirseacht níos díre a dhéanamh ar leachtaitheoirí ar obair leachtaitheoirí. Déantar an mhaoirseacht níos díre sin trí fheidhmiú na gcumhachtaí a thugtar le halt 653 den Acht<sup>20</sup>.

<sup>15</sup> Alt 842(h) d’Acht na gCuideachtaí 2014

<sup>16</sup> Alt 843(3) d’Acht na gCuideachtaí 2014

<sup>17</sup> Alt 819 d’Acht na gCuideachtaí 2014

<sup>18</sup> Alt 845(3) d’Acht na gCuideachtaí 2014

<sup>19</sup> Alt 949(1) d’Acht na gCuideachtaí 2014

<sup>20</sup> Cuimsítear in alt 446 den Acht foráil chomhchosúil a bhaineann le glacadóirí

Foráiltear in alt 653 den Acht go bhféadfaidh an Stiúrthóir:

- as a stuaim féin nó de bhun gearáin ó chomhalta, ranníocóir nó creidiúnaí de chuid cuideachta, a iarraidh go soláthrófar leabhair leachtaitheora lena scrúdú – i ndáil le próiseas leachtaithe ar leith, nó maidir le gach leachtú a dhéanann an leachtaitheoir; agus
- freagraí an leachtaitheora ar aon cheisteanna a bhaineann le hábhar na leabhar sin a iarraidh, agus gach cúnamh den sórt sin is féidir leis an leachtaitheoir a thabhairt le réasún a iarraidh.

Gabhann coimircí agus teorainneacha áirithe leis na cumhachtaí a thugtar don Stiúrthóir le halt 653, i.e.:

- ní mór don Oifig an leachtaitheoir is freagróir a chur ar an eolas faoin gcúis/na cúiseanna go bhfuil an t-iarratas á dhéanamh; agus
- ní féidir iarratas a dhéanamh i leith leabhair a bhaineann le leachtú a tugadh i gcrích níos mó ná sé bliana roimh an iarratas.

## **CUID B: TRÉCHUIR**

Go ginearálta, is é an toradh ar ionchuir, beag beann an bhfuil siad ó fhoinsí inmheánacha nó ó fhoinsí seachtracha, go n-osclaítear cáschomhad. I gcás tuairiscí leachtaitheoirí faoi alt 682, is gnách go dtagann cásanna chun críche nuair a chinntear cé acu an dtabharfar faoiseamh nó nach dtabharfar faoiseamh don leachtaitheoir ón oibleagáid srianadh/dícháiliú stiúrthóirí na cuideachta a lorg agus, i gcás ina ndeonaítear faoiseamh, déantar an comhad a dhúnadh de ghnáth.

I gcás nach ndeonaítear faoiseamh, nó mura ndeonaítear é ach go páirteach (i.e., i leith cuid de na stiúrthóirí, ach ní na stiúrthóirí go léir), tabharfaidh an Oifig cuireadh de ghnáth don stiúrthóir (na stiúrthóirí) ábhartha gealltanais sriantachta (nó dícháiliú, más infheidhme) a dhéanamh. Mura nglacfar le tairiscint an ghealltanais (nó mura bhfuil an cás ina chás, i measúnú na hOifige, nach bhfuil tairiscint an ghealltanais oiriúnach), beidh ar an leachtaitheoir iarratas cúirte a dhéanamh. Déanann an Oifig monatóireacht ar dhul chun cinn na gCúirteanna maidir leis na himeachtaí sriantachta nó dícháiliúcháin ábhartha agus déantar an toradh a thaifeadh nuair a chinnfear na himeachtaí. Déanann an Oifig athbhreithniú freisin, áfach, ar chásanna ó am go chéile ina dtarraingítear a haird ar ábhar imní, mar shampla:

- moltaí inchreidte maidir le táillí iomarcacha leachtaitheoirí;
- mainneachtain fhollasach sócmhainní a dháileadh ar bhonn tráthúil; agus
- mainneachtain fhollasach leachtú a thabhairt chun críche laistigh d'achar ama réasúnta.

I gcás ionchur eile, amhail, mar shampla, tuairiscí iniúcháirí, gearáin phoiblí, nochtuithe cosanta, atreoruithe srl., osclaítear comhad agus scrúdaítear an t-ábhar lena chinneadh, ar an gcéad dul síos, an bhfuil an t-ábhar ina ábhar a thagann faoi shainchúram na hOifige. Ina dhiaidh sin, cuirtear cásanna ar aghaidh ar an mbonn a mheastar is oiriúnaí dá gcúinsí aonair, agus áirítear an méid seo a leanas leis na modhanna forchéimnithe, mar shampla:

- cumhachtaí sibhialta a fheidhmiú, amhail, mar shampla, éilimh a eisiúint chuig:
  - cuideachtaí agus a stiúrthóirí chun miontuairiscí cruinnithe agus cláir reachtúla a sholáthar;
  - cuideachtaí agus a stiúrthóirí chun leabhair agus doiciméid na cuideachtaí a sholáthar;
  - leachtaitheoirí chun a gcuid leabhar agus doiciméad a sholáthar, i.e., leabhair agus doiciméid an leachtaitheora féin seachas leabhair agus doiciméid na cuideachta atá faoi leachtú (a bhféadfaí iad a lorg ag an am céanna);
  - iniúcháirí a éilíonn go soláthrófar faisnéis bhreise maidir le tuairisc maidir le cion indíotáilte a fuarthas;

- daoine a ghníomhaíonn, nó a airbheartaíonn go bhfuil siad ag gníomhú, mar iniúcháirí chun fianaise ar a gcáilíochtaí a sholáthar;
- féimhigh atá ag gníomhú mar stiúirthóirí agus rúnaithe cuideachta, a lorgaíonn ráitis mhionna maidir lena stádas dócmhainneachta; agus
- leachtaitheoirí a éilíonn go gcomhdóidh siad tuairiscí faoi alt 682 atá fós amuigh;
- cumhachtaí coiriúla a fheidhmiú, amhail, mar shampla, barántais chuardaigh a fhaightear ó na Cúirteanna a fhorghníomhú, cumhachtaí gabhála agus coinneála a fheidhmiú, etc.;
- idirchaidreamh a dhéanamh le húdaráis reachtúla eile a d'fhéadfadh a bheith ábalta cuidiú a thabhairt le fiosrúcháin na hOifige, mar shampla trí fhaisnéis ábhartha a roinnt.

Nuair a bheidh fiosrúcháin na hOifige críochnaithe, déanfar cinneadh maidir leis an mbeart is oiriúnaí le déanamh. D'fhéadfadh an méid seo a leanas, mar shampla, a bheith i gceist leis sin:

- an cinneadh gan beart breise a dhéanamh (mar shampla, i gcás ina dtugtar le fios le fiosrúcháin nach ndearnadh sárú ar dhlí na gcuideachtaí nó i gcás gur mionsárú é an sárú agus go mbeadh beart forghníomhaithe díreireach dá bharr);
- cinneadh gan beart forfheidhmiúcháin a dhéanamh an uair seo ach, seachas sin, rabhadh a eisiúint go spreagfadh aon atarlú beart forfheidhmiúcháin (mar shampla, i gcás gur ceartaíodh agus/nó gur leigheasadh an sárú agus go bhfuil fianaise faighte chun sástacht OSFC go ndearnadh an ceartú/ leigheas;
- cúrsaí a bhaineann lena sainchúraimí faoi seach a atreorú chuig údaráis reachtúla nó comhlachtaí gairmiúla eile;
- orduithe sibhialta a eisiúint, e.g., treoracha do chuideachtaí agus/nó dá stiúirthóirí lena n-éilítear go ndéanfaí mainneachtain sonraithe a leigheas laistigh de na tréimhsí ama forordaithe;
- imeachtaí sibhialta a thionscnamh, i.e., iarratais chúirte chun leigheasanna sonraithe a lorg;
- imeachtaí coiriúla achoimre a thionscnamh nó an t-ábhar a chur faoi bhráid an Stiúirthóra lonchúiseamh Poiblí lena bhreithniú ar cheart cúisimh a dhíriú ar díotáil.

Tá sonraí leagtha amach sna Táblaí seo a leanas ar an líon cásanna éagsúla a chuir an Oifig chun cinn le linn na bliana faoi athbhreithniú. Tá sonraí maidir leis na haschuir a thagann as próiseáil líon cásanna éagsúla na hOifige sonraithe sa chéad chuid eile den Chaibidil seo.

<b>Tábla 7 - Tréachur tuairiscí 682 na leachtaitheoirí - 1 Eanáir 2022 go dtí an 6 Iúil 2022</b>		
Tuairiscí faoi alt 682 a bhí idir lámha amhail an 1 Eanáir 2022		185
Gach tuairisc a fuarthas le linn na tréimhse	323	
Lúide: Tuairiscí a bhí ina n-ábhar cinntí le linn na tréimhse	368	
<b>Tuairiscí faoi alt 682 a bhí idir lámha amhail an 6 Iúil 2022</b>		<b>140</b>



**Tábla 8 - Cásanna eile idir lámha – 1 Eanáir 2022 go dtí an 6 Iúil 2022**

Cásanna eile idir lámha amhail an 1 Eanáir 2022		229
Cásanna nua a osclaíodh le linn na tréimhse	171	
Lúide: Cásanna a cuireadh i gcrích le linn na tréimhse	165	
<b>Cásanna eile idir lámha amhail an 6 Iúil 2022</b>		<b>235</b>

## **CUID C: ASCHUIR**

### **BEARTA FORFHEIDHMITHE A BHAINNEANN LE DÓCMHAINNEACHT AGUS ASCHUIR A THAGANN AS TUAIRISCÍ LEACHTAITHEOIRÍ FAOI ALT 682 AGUS AS SCRÚDÚ AR CHUIDEACHTAÍ DÓCMHAINNEACHA DÍSCAOILTE**

Le linn na tréimhse seo faoi athbhreithniú, fuarthas 323 Tuairisc ó leachtaitheoirí faoi Alt 682 d'Acht na gCuideachtaí, agus ba Chéad Tuairiscí 177 díobh agus ba Thuairiscí Breise 146 díobh.

#### **ASCHUIR Ó PHRÓISEAS ALT 682 (I.E. TUAIRISCIÚ LEACHTAITHEORA)**

Rinne an Oifig cinntí cinntitheacha (i.e. cinntí seachas “Faoiseamh ag an am seo” a dheonú) ar 227 tuairisc leachtaitheora le linn na tréimhse agus rinne sí 141 cinneadh eile chun “Faoiseamh ag an am seo” a dheonú.

As na 227 cinneadh cinntitheach a rinneadh le linn na tréimhse, rinneadh cinneadh “Faoiseamh Iomlán” i gcás 210 díobh agus ba chinntí “Gan Faoiseamh” nó “Faoiseamh Páirteach” 17 díobh.

**Tábla 9 - Anailís ar chinntí a rinneadh i ndáil le tuairiscí tosaigh alt 682 uile na leachtaitheoirí**

<b>Cineál cinnidh</b>	<b>2022</b>	<b>%</b>
Faoiseamh Iomlán	210	57
Gan faoiseamh	13	4
Faoiseamh páirteach	4	1
Faoiseamh ag an am seo	141	38
<b>Iomlán</b>	<b>368</b>	<b>100</b>

#### **GEALLTANAS SRÍANTACHTA AGUS DÍCHÁILIÚCHÁIN**

Faidhmíonn OSFC córas reachtúil trínar féidir cuireadh a thabhairt do na stiúrthóirí sin, a gcinntear ina leith nár cheart faoiseamh a thabhairt don leachtaitheoir ón oibleagáid iarratas ar a Srianadh a chur faoi bhráid na hArd-Chúirte, chun Gealltanais Sríantachta (nó Gealltanais Dícháiliúcháin, más infheidhme) a chur isteach ar bhonn toilteanach.

#### **Líon Iomlán na Stiúrthóirí Cuideachta a Srianadh agus a dhícháilíodh le linn na tréimhse 1 Eanáir 2022 go 6 Iúil 2022**

Ag eascairt as tuarascálacha alt 682 ó leachtaitheoirí agus cinntí na hOifige gan faoiseamh a dheonú don leachtaitheoir, cuireadh srian nó dícháiliú ar 59 stiúrthóir le linn na tréimhse.

As an líon sin, cuireadh srian le 17 stiúrthóir trí Ghealltanais Thoilteanacha agus cuireadh srian ar 29 stiúrthóir eile le hordú ón Ard-Chúirt; dícháilíodh 4 stiúrthóir trí Ghealltanais Thoilteanacha agus dícháilíodh 9 stiúrthóir eile le hordú ón Ard-Chúirt.

Thug 5 stiúrthóir bhreise de chuid Cuideachtaí Dócmhainneacha Díscailte toiliú le dícháiliú trí Ghnóthais Thoilteanacha. Athchóiríodh cuideachta amháin ar an gclár i mí an Mhárta 2022 mar thoradh ar rannpháirtíocht leis an Oifig seo.

Leagtar amach sa Tábla thíos líon na dtairiscintí Gealltanais a eisíodh i ndáil le Leachtuithe Dócmhainneacha le linn na tréimhse 1 Eanáir 2022 go 6 Iúil 2022 mar aon le sonraí faoi líon na dtairiscintí ar glacadh leo agus nár glacadh nó nár fíodhadh faoi dheireadh na tréimhse sin.

**Tábla 10 - Tairiscintí le haghaidh Gealltanais a eisíodh i ndáil le Leachtuithe Dócmhainneacha le linn na tréimhse 1 Eanáir 2022 go dtí 6 Iúil 2022**

	2022
	Stiúrthóirí
<b>Srianta:</b>	
Líon na dtairiscintí eisithe	26
Líon na dtairiscintí nár glacadh leo	17
<b>Líon na dtairiscintí nár glacadh leo</b>	<b>9</b>
<b>Dícháilithe:</b>	
Líon na dtairiscintí eisithe	5
Líon na dtairiscintí nár glacadh leo	4
<b>Líon na dtairiscintí nár glacadh leo</b>	<b>1</b>

#### **IARRATAIS CHÚIRTE LEACHTAITHEOIRÍ**

Mar a léiríodh níos luaithe sa Chaibidil seo, i gcás nach ndéanann an Oifig faoiseamh do leachtaitheoirí agus i gcás nach dtairgtear nó nach nglactar le cuirí chun Gealltanais a dhéanamh, ceanglaítear ar na leachtaitheoirí lena mbaineann iarratas a chur faoi bhráid na hArd-Chúirte chun srianadh nó dícháiliú stiúrthóirí cuideachta ábhartha a lorg.

Leagtar amach sa Tábla thíos sonraí faoi thorthaí iarratas leachtaitheoirí chuig an Ard-Chúirt i rith na tréimhse.

**Tábla 11 - Torthaí iarratais na leachtaitheoirí chuig an gCúirt – 1 Eanáir 2022 go dtí an 6 Iúil 2022**

<b>Torthaí iarratas Cúirte leachtaitheoirí - 1 Eanáir 2022 – 6 Iúil 2022</b>	<b>Stiúrthóirí</b>
Dearbhuithe Sriantachta a deonaíodh	29
Orduithe Dícháiliúcháin a deonaíodh	9
Dearbhuithe nó Orduithe nár deonaíodh	0

## **BEARTA & ASCHUIR FHORFHEIDHMITHE EILE (NACH mBAINEANN LE DÓCMHAINNEACHT).**

### **Aschuir ó obair forfheidhmithe**

Bíonn foirmeacha éagsúla i gceist le hobair fhorfheidhmiúcháin na hOifige, lena n-áirítear:

- bheith ag obair le stiúrthóirí cuideachta agus páirtithe leasmhara eile chun ceartú/leasú toilteanach a fháil ar chásanna leasúcháin a chinntiú;
- cumhachtaí an Stiúrthóra a fheidmiú chun comhlíonadh a chinntiú agus/nó chun fiosrúcháin agus imscrúduithe a chur chun cinn;
- feidhmeanna an Stiúrthóra a fheidmiú chun comhlíonadh a cheadú/a éascú;
- leigheasanna sibhialta a lorg san Ard-Chúirt mar fhreagairt ar thásca leasúcháin;
- imeachtaí coiriúla achoimre a thabhairt os comhair na Cúirte Dúiche;
- más rud é, i ndiaidh imscrúdú a dhéanamh agus gur cinneadh ar an mbonn céanna go bhfuil na tásca amhrasta coiriúlachta sa chaoi gur féidir ionchúiseamh ar díotáil a bheith riachtanach, comhaid imscrúdaithe a atreorú chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí lena mbreithniú cibé an bhfuil gá le hionchúiseamh coiriúil os comhair na Cúirte Cuarda i leith na gcúrsaí; agus
- tásca maidir le sáruithe féideartha ar fhorálacha rialála seachas na cinn a bhaineann le dlí na gcuideachtaí a atreorú chuig Gníomhaireachtaí ábhartha eile rialála nó forfheidhmiúcháin (lena n-ionchorpraítear freisin ábhair ábhartha a atreorú chuig comhlachtaí gairmiúla).

Sonraítear thíos na príomh-aschuir a bhaineann le gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin na hOifige.

### **Ceartú/leasú toilteanach a chinntiú**

#### *Sáruithe ar iasachtaí stiúrthóirí*

In ocht (8) gcás sa tréimhse atá faoi athbhreithniú inar thuairiscigh iniúchóirí sáruithe amhrasta ar iasacht stiúrthóirí, nó ar tarraingíodh aird orthu ar bhealach eile, rinneadh ceartuithe (lena n-áirítear aisíocaíocht/laghú iasachtaí) arbh fhiú €1.9m iad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí na hOifige. Is chun leasa chomhaltaí agus chreidiúnaithe na gcuideachtaí lena mbaineann na ceartuithe sin.

#### *Mainneachtain cloí le caighdeán chuntasaíochta*

Ceanglaítear le halt 291(3) den Acht ar chuideachtaí a ráitis airgeadais a ullmhú, *inter alia*, de réir na gcaighdeán cuntasaíochta infheidhmithe. Foráiltear in alt 291(9) gur cion de réir Chatagóir 2 ar thaobh na cuideachta agus aon oifigeach ar mainneachtain an ceanglas sin a chomhlíonadh. Sa tréimhse faoi athbhreithniú, tuairiscíodh don Oifig 43 chás inar theip ar chuideachtaí caighdeán chuntasaíochta a chomhlíonadh trí thuarascálacha iniúchóirí ar chionta indiotáilte. Mar gheall ar nádúr bunúsach na saincheisteanna atá i gceist (mar shampla, léirmhíneadh éagsúla ar chaighdeán cuntasaíochta) is féidir an chuid is mó de na hábhair sin a réiteach chun sástachta OSFC trí cheartú toilteanach.

#### *Daoine a ghníomhaíonn mar stiúrthóirí cuideachta cé nach gceadaítear dóibh déanamh amhlaidh*

Le linn na tréimhse faoi athbhreithniú, rinne an Oifig athbhreithniú ar chlár na ndaoine dícháilte agus srianta arna choinneáil ag Cláráitheoir na gCuideachtaí, agus ag an Iris Oifigiúil chun féimhigh neamhscaoilte a aithint. De thoradh an athbhreithnithe, ba chosúil go raibh 10 nduine ag sárú orduithe agus gealltanais den sórt sin. Tar éis idirghabháil OSFC, rialaíodh seasamh na ndaoine aonair.

### **Comhlíonadh a áirithiú agus fiosruithe agus imscrúduithe a chur chun cinn trí chumhachtaí reachtúla an Stiúrthóra a chur i bhfeidhm**

Baineadh úsáid as raon leathan forálacha reachtaíochta le linn na bliana faoi athbhreithniú chun comhlíonadh dhlí na gcuideachtaí a chinntiú agus chun fiosrúcháin agus imscrúduithe faoi seach a chur chun cinn. I measc na gcumhachtaí reachtúla agus bearta imscrúdaithe eile a úsáideadh, bhí:

- 3 ceanglas reachtúla a sheirbheáil chun miontuairiscí ar chruinnithe ginearálta a sholáthar faoi alt 199 den Acht;
- fuarthas 29 ordú nó ceanglas cúirte, de bhun alt 52 den Acht um Cheartas Coiriúil (Cionta Gadaíochta & Calaoise) 2001 agus alt 63 den Acht um Cheartas Coiriúil (Sciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta) 2010;
- 10 mbarántas cuardaigh a fhorghníomhú;
- gabháil 3 nduine;
- 5 dhuine trí shocrú i ndiaidh dóibh bheith sásta ráitis faoi rabhadh a sholáthar;
- eisiúint 5 iarratas ar Chúnamh Dlíthiúil Frithpháirteach;
- 40 iarratas ar chosaint sonraí a dhéanamh de bhun alt 41(b) den Acht um Chosaint Sonraí 2018; agus
- 3 iarratas reachtúla ar fhaisnéis a sheirbheáil ar iniúcháirí faoi alt 393 den Acht

### **Imeachtaí coiriúla**

De thoradh a cuspóra straitéisigh maidir le dul i ngleic le tásca éagóra ag an taobh is tromchúisí den speictream, is gnách go ndírítear acmhainní imscrúdaithe coiriúla na hOifige ar imscrúduithe níos mó agus níos casta a mbíonn sé de thoradh orthu, go hiondúil, go gcuirtear comhaid faoi bhráid an SIP lena bhreithniú ar cheart cúsimh a dhíriú ar díotáil. Stiúran an Stiúrthóir freisin, ag brath ar na fíricí agus na himthosca bunúsacha, áfach, ionchúiseamh achomair i leith cionta líomhnaithe de réir mar is cuí. Leagtar amach anseo thíos achoimre ar ghníomhaíocht forfheidhmiúcháin choiriúil le linn na bliana faoi athbhreithniú.

Le linn na tréimhse faoi athbhreithniú:

- i. ciontaíodh beirt nó cruthaíodh fíricí as 10 gcion;<sup>21</sup>
- ii. rinneadh trí ghabháil agus rinneadh cúig agallamh thoilteanacha faoi rabhadh, chun imscrúduithe coiriúla a chur chun cinn;
- iii. 29 Ordú Cúirte nó Ceanglas cúirte;
- iv. fuarthas/eisíodh cúig iarratas faoin gConradh um Chúnamh Dlíthiúil Frithpháirteach, agus rinneadh 40 iarratas ar chosaint sonraí de bhun alt 41(b) den Acht um Chosaint Sonraí 2018 chun imscrúduithe coiriúla a chur chun cinn;
- v. cuireadh comhaid faoi bhráid an SIP maidir le himscrúdú amháin;
- vi. cuireadh comhaid faoi bhráid an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach maidir le ceithre imscrúdú;
- vii. fuarthas treoracha ón SIP chun cúiseamh, nó eile, a dhéanamh i leith imscrúdú amháin;
- viii. le chéile, ag teacht as (vi) agus (vii) thuas, rinneadh 23 cúiseamh coiriúla san iomlán ar 6 duine aonair, m.s., i leith cionta líomhnaithe den chineál seo a leanas:
  - o faisnéis bhréagach a sholáthar, rud a thagann salach ar alt 876 d'Acht na gCuideachtaí 2014;
  - o maoin a bhaint de chuideachta go calaoiseach contrártha le halt 717(b) d'Acht na gCuideachtaí 2014; agus
  - o gadaíocht a thagann salach ar alt 4 den Acht um Cheartas Coiriúil (Cionta Gadaíochta agus Calaoise) 2001.
- ix. beirt duine aonair a ionchúisíodh sa Chúirt Chuarda (i.e., ar díotáil) as sárúithe líomhnaithe ar reachtaíocht cuideachtaí agus an cheartais choiriúil.

---

<sup>21</sup> Lena n-áirítear cásanna inar cuireadh alt 1(1) den Probation of Offenders Act 1907 i bhfeidhm. Sna cásanna sin, faightear go bhfuil cruthaithe ag an goúirt trialach ach ní théann sí ar aghaidh chuig ciontú agus imthosca áirithe atá leagtha amach san alt á gcur san áireamh.

## **Caibidil 4**

**Comhlíonadh oibleagáidí de bhun an dlí, an rialacháin agus de bhua stádas na hOifige mar eintiteas earnála poiblí arna bhunú le reacht**

## **Comhlíonadh oibleagáidí de bhun an dlí, an rialacháin agus de bhua stádas na hOifige mar eintiteas eárnála poiblí arna bhunú le reacht**

### *Ceisteanna Parlaiminteacha (“CP”)*

Iarrtar ar an Oifig go rialta faisnéis/ábhar a sholáthar don Roinn chun cuidiú léi freagairtí Airí ar Cheisteanna Parlaiminteacha na dTeachtaí a ullmhú. Chomh maith leis sin, bíonn an Oifig ina hábhar i gCeisteanna Parlaiminteacha na dTeachtaí corruair. Le linn na bliana, sholáthair an Oifig ábhar mar fhreagra ar 26 CP.

### *An tAcht um Íoc Pras Cuntas 1997*

Foráiltear san Acht um Íoc Pras Cuntas i leith íocaíocht úis le soláthraithe nach mbíonn a sonraisc íoctha ar dháta forordaithe (30 lá i ndiaidh an tsonrais a fháil de ghnáth). In ainneoin bheartas na hOifige gach sonrasc a shocrú laistigh d’achar ama forordaithe, íocadh 16 shonrasc lasmuigh den am ceadaithe agus mar thoradh air sin tabhaíodh Ús Íoca Phrais de €134, mar aon le €180 i bpiónais.

### *Plean Gníomhaíochta maidir le Bainistíocht Riosca*

Le linn na bliana, rinne OSFC athbhreithniú agus nuashonrú ar phlean bainistíochta riosca na hOifige i gcomhar leis an Roinn.

### *Saoráil Faisnéise (SF)*

Tá formhór thaifid na hOifige (i.e. gach taifead seachas taifid a bhaineann lena riarachán ginearálta) díolmhaithe ón Acht um Shaoráil Faisnéise. Le linn na tréimhse faoi athbhreithniú, rinneadh sé (6) iarratas faoin Acht um Shaoráil Faisnéise.

As na hiarratais a fuarthas, deonaíodh dhá cheann ina n-iomláine nó go páirteach agus bhí an chuid eile ar taifid nach raibh ann, nach raibh i seilbh OSFC (agus dá bhrí sin b'éigean iad a dhiúltú) nó nár tháinig faoi raon feidhme an Achta.

Mar a cheanglaítear faoin Acht um Shaoráil Faisnéise, foilsítear Scéim Foilsithe um Shaoráil Faisnéise na hOifige ar a suíomh gréasáin, mar aon le logleabhar d’iarratais SF agus na cinntí maidir leis na hiarratais sin.

### *Cosaint Sonraí agus an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí*

Tháinig an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (“RGCS”) i bhfeidhm an 25 Bealtaine 2018. Leis an reachtaíocht sin tugtar leibhéal leathan cosanta do shaoránaigh maidir le príobháideacht agus úsáid a sonraí pearsanta, agus tugtar cearta rochtana ar shonraí pearsanta atá á gcoimeád nó á bpróiseáil ag rialaitheoir sonraí.

Tá iarrachtaí suntasacha déanta ag an Oifig lena chinntiú go gcomhlíonfar an RGCS agus an tAcht um Chosaint Sonraí 2018, chomh maith le seisiúin faisnéise a thionól chun go mbeidh gach ball foirne ar an eolas faoi na hoibleagáidí nua.

Le linn na tréimhse faoi athbhreithniú, rinneadh trí iarratas ar fhaisnéis chuig an Oifig faoin Acht um Chosaint Sonraí 2018 (2020: Rinneadh gach iarratas a mheas agus, nuair b’infheidhme, soláthraíodh an fhaisnéis ábhartha do na hábhair shonraí a mhéid nach raibh na cearta ar fhaisnéis den sórt sin srianta a mhéid is gá chun feidhmeanna an Stiúrthóra a chosaint agus i gcás ina raibh srianadh den sórt sin comhréireach.

### *Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003*

Dhréachtaigh an Oifig an dara Scéim faoin Acht in 2011 agus táthar ag fanacht le comhaontú leis an gCoimisinéir Teanga maidir leis an Scéim sin. Idir an dá linn, tá an Scéim roimhe seo, chomh maith le ceanglais reachtúla an Achta fós i bhfeidhm. Lean OSFC, mar sin, le linn na bliana faoi athbhreithniú le monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh na reachtaíochta sin agus a Scéime.

### *Dualgas Comhionannais agus Cearta Daonna na hEárnála Poiblí a chur chun feidhme*

Le 2021, nuashonraigh an Oifig an ráiteas go bhfuil sé ar intinn aici Dualgas na hEárnála Poiblí a chomhlíonadh faoin Acht um Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2019 atá foilsithe ar a suíomh gréasáin. Leis an dualgas sin cuirtear oibleagáid reachtúil ar chomhlachtaí



poiblí deireadh a chur le hidirdhealú, comhionannas deiseanna a chur chun cinn agus cearta daonna na ndaoine dá soláthraíonn siad seirbhísí agus baill foirne agus iad i mbun a gcuid oibre laethúil a chosaint.

Ina gnáthobair laethúil agus go háirithe ina cuid déileálacha le páirtithe leasmhara cinntíonn an Oifig nach ndéanfar idirdhealú i leith aon bhall den phobal nó aon pháirtí leasmhara eile agus iad ag caidreamh leis an Oifig faoi aon cheann de na forais chosanta maidir le hinscne, stádas sibhialta, stádas teaghlaigh, gnéaschlaonadh, míchumas, aois, cine, creideamh agus ballraíocht sa phobal Taistealaithe.

Déanann an Oifig cóir chomhionann a chothú i measc a ball foirne go léir.